

Eleathanach232

Dé Luain 25 Aibreán 2016



Cúrsaí peile

Bhí slua mór i bPáirc an Chrócaigh Dé Domhnaigh do na cluichí ceannais i Roinn 1 agus Roinn 2 sa tsraith Allianz. Bhí an bua ag Tír Eoghain sa chluiche i Roinn 2. Bhí siad ag imirt i gcoinne an Chabháin.

Ní raibh ach dhá phointe idir na foirne ag leath-am. Ach sa dara leath níor éirigh leis an gCabhán an bearna sin a dhúnadh. Fuair Tír Eoghain cúl agus chríochnaigh an cluiche leis an scór: Tír Eoghain 1-17; An Cabhán 0-15

D'imir Baile Átha Cliath agus Ciarraí sa chluiche ceannais de Roinn 1 sa tsraith Allianz. Arís sa chluiche seo bhí bearna dhá phointe idir na foirne ag leath-am, le BÁC chun tosaigh. Sa dara leath thug an réiteoir cárta dearg d'Aidan O'Mahony agus ní raibh ach ceathrar déag ar fhoireann Chiarraí ansin.

Le deich nóiméad fágtha bhí dhá phointe idir na foirne arís, ach ansin bhí tréimhse an-mhaith ag BÁC. Fuair Paul Flynn agus Eric Lowndes cúl an duine. Chríochnaigh an cluiche leis an scór: BÁC 2-18; Ciarraí 0-13.

Dé Sathairn bhí na cluichí ceannais i Roinn 3 agus 4 den tsraith. Bhí an bua ag Contae an Chláir i gcoinne Chill Dara i Roinn 3 agus bhí an bua ag Contae Lú i Roinn 4.



Comóradh Éirí Amach na Cásca

Bhí imeachtaí ar siúl ar fud na tíre Dé Domhnaigh chun comóradh a dhéanamh ar Éirí Amach na Cásca. Ba é sin an dáta ar ar tharla an Éirí amach 100 bliain ó shin. I bPáirc an Chrócaigh, tar éis na gcluichí peile bhí taispeántas damhsa agus filíochta a chríochnaigh le hAmhrán na bhFiann.

Bhí searmanas i gCnoc an Arbhair agus d'fhreastail an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn air. Leag an tUachtarán fleasc ar son mhuintir na hÉireann.

Bhí imeachtaí eile ar fud na tíre agus fiú bhí imeacht ann i Nua Eabhrac. Bhailigh daoine i Manhattan chun bratach na hÉireann a ardú agus chun cóip den bhunreacht a léamh os ard.



An tUachtarán leis an bhfleasc



Bhuaigh Michael Lawson *The Voice of Ireland*

The Voice of Ireland: buaiteoir na bliana

Oíche Dhomhnaigh bhí an chraobh den chlár *The Voice of Ireland 2016* ar siúl. Bhí ceathrar sa bhabhta ceannais: Kelesa Mulcahy, Nigel Connell, Michael Lawson agus Laura O'Connor.

Bhuaigh Michael Lawson an comórtas. Bhí áthas an domhain air agus ar an moltóir a bhí ag obair leis, Bressie. Chan sé an t-amhrán '7 years' le Lukas Graham agus 'Superman' le Five for Fighting. Rugadh Michael i Londain ach tá cónaí air anois i gContae Mhúineacháin.

Ar an gclár Dé Domhnaigh chan Nicky Byrne an t-amhrán 'Sunlight'. Beidh Nicky ag canadh an amhráin sin ag an gComórtas Eurofíse sa tSualainn an mhí seo chugainn. Beidh sé ag canadh sa dara babhta leathceannais ar 12 Bealtaine ag iarraidh áit a fháil sa bhabhta ceannais ar 14 Bealtaine.



An Chomhairle um Oideachas
Gaeilteachta & Gaelscoilíochta



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath- Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
OÉMN, i gcompháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.

